Cuid 1:

Ceadúnais tiomána agus catagóirí feithicle

Ní foláir duit ceadúnas tiomána nó ceadúnas sealadach reatha a shealbhú roimh aon mhótarfheithicil a thiomáint in áit phoiblí. **Ní féidir** leat ach an cineál feithicle go bhfuil ceadúnas agat le haghaidh a thiomáint agus **ní foláir** duit do cheadúnas a bhreith leat i gcónaí agus tú ag tiomáint.

Míníonn an cuid seo cathain agus conas iarratas a chuir isteach ar cheadúnas tiomána nua nó athnuachana. Mínítear freisin na catagóirí difriúla feithicle lena bhaineann an ceadúnas.

Catagóirí feithicle agus aois íosta an chéad cheadúnais shealadach

Imlíníonn an tábla thíos na cineálacha feithicle go bhféadfá tiomáint faoi gach catagóir cheadúnais agus an aois a **nach foláir duit** a shroicheadh roimh iarratas a chuir isteach ar chéad cheadúnas shealadach sa chatagóir ábhartha.

Catagóirí Feithicle/Aois Íosta an Tiománaí/Srianta

	Catagóir	Feithicil (feithiclí) clúdaithe	Aois Íosta
	A	Gluaisrothair le nó gan carr cliathánach. Tá srianta ar an gcatagóir cheadúnais seo. Níl cead ag aschur lánchumhachta a bheith níos mó ná 25 kW nó cóimheas cumhachta / meáchain de 0.16 kW in aghaidh an kg. Maireann an srian seo ar feadh tréimhse dhá bhliain tar éis ceadúnas iomlán catagóire A a fháil.	18
	A1	Gluaisrothair le: • toilleadh innill de 125 cc nó níos lú, agus grádú cumhachta de 11kW nó níos lú	16
	B	Feithiclí (seachas gluaisrothair, móipéidí, feithiclí oibre nó tarracóirí talún) le: • ollmheáchan ceaptha feithicle de 3,500kg nó níos lú, agus cóir suí le haghaidh suas le 8 bpaisinéir (seachas an tiománaí). Áiríonn siad seo leantóir nuair atá ollmheáchan ceaptha feithicle an leantóra ag 750kg nó níos lú.(Féach leathanach 17).	17
	C	Feithiclí (seachas feithiclí oibre nó tarracóirí talún) le: • ollmheáchan ceaptha feithicle de níos mó ná 3,500kg, agus cóir suí le haghaidh suas le 8 bpaisinéir (seachas an tiománaí). Áiríonn siad seo leantóir nuair atá ollmheáchan ceaptha feithicle an leantóra ag 750kg nó níos lú	18
	C1	Feithiclí i gcatagóir C le hollmheáchan ceaptha feithicle de 7,500kg nó níos lú. Áiríonn siad seo leantóir nuair atá ollmheáchan ceaptha feithicle an leantóra ag 750kg nó níos lú	18
	D	Feithiclí le cóir suí le haghaidh níos mó ná 8 bpaisinéir (seachas an tiománaí). Áiríonn siad seo leantóir nuair atá ollmheáchan ceaptha feithicle an leantóra ag 750kg nó níos lú.	21

	Catagóir	Feithicil (feithiclí) clúdaithe	Aois Íosta
	D1	Feithiclí i gcatagóir D le cóir suí le haghaidh 9 go 16 paisinéir (seachas an tiománaí). Áiríonn siad seo leantóir nuair atá ollmheáchan ceaptha feithicle an leantóra ag 750kg nó níos lú.	21
	EB	Comhcheangail d'fheithiclí agus leantóirí nuair atá: • an fheithicil tharraingthe i gcatagóir B, agus ollmheáchan ceaptha feithicle an leantóra níos mó ná 750kg.	17
	EC1	Comhcheangail d'fheithiclí agus leantóirí nuair atá: • ollmheáchan ceaptha feithicle comhcheangailte de 12,000kg nó níos lú ag an bhfeithicil tarraingthe i gcatagóir C1 agus an leantóir agus • nach dtéann ollmheáchan ceaptha feithicle an leantóra thar meáchan neamhualaithe na feithicle tarraingthe.	18
	EC	Comhcheangail d'fheithiclí agus leantóirí nuair atá: • an fheithicil tharraingthe i gcatagóir C, agus • tá ollmheáchan ceaptha feithicle an leantóra níos mó ná 750kg agus áirítear aonad altach.	18
	ED1	Comhcheangail d'fheithiclí agus leantóirí nuair atá: • ollmheáchan ceaptha feithicle comhcheangailte de 12,000kg nó níos lú ag an bhfeithicil tarraingthe i gcatagóir D1 agus an leantóir, agus • nach dtéann ollmheáchan ceaptha feithicle an leantóra thar meáchan neamhualaithe na feithicle tarraingthe, • ní féidir an leantóir a úsáid chun daoine a iompar.	21
	ED	Comhcheangail d'fheithiclí agus leantóirí nuair atá: • an fheithicil tarraingthe i gcatagóir D, agus • ollmheáchan ceaptha feithicle an leantóra níos mó ná 750kg.	21

	Catagóir	Feithicil (feithiclí) clúdaithe	Aois Íosta
	M	Móipéidí le huasluas dearaidh de 45km/h nó níos lú acu le: • toilleadh innill de 50 cc nó níos lú.	16
	W	Feithiclí oibre agus tarracóirí talún le nó gan leantóir • **ní féidir** an leantóir a úsáid chun daoine a iompar	16

Má tá tú faoi bhun 16 bliana d'aois ní féidir leat aon fheithicil a úsáid in áit phoiblí.

Ollmheáchan Ceaptha Feithicle (DGVW) is ea an téarma a úsáideann déantóirí le haghaidh meáchan na feithicle mar aon leis an t-uasualach a bhfuil sé deartha a iompar (lena n-áirítear paisinéirí, breosla, lastas agus taobhaithe). De ghnáth taispeántar an t-ollmheáchan ceaptha feithicle ar phláta miotail ceangailte leis an bhfeithicil ag an déantóir.

Ní foláir duit tuiscint a bheith agat ar acmhainn ualaigh d'fheithicle nó d'fhéadfá a bheith i mbaol tromchúiseach tionóisce nó díobhála.

Laghdóidh ró-ualú do chumas chun d'fheithicil a smachtú agus is cion é.

Coinníollacha a ghabhann le catagóirí

Gluaisrothair

Tá sealbhóirí ceadúnas sealadach catagóire A i dteideal gluaisrothair a thiomáint le:

- aschur cumhachta innill de 25kW nó níos lú, nó
- cóimheas cumhachta/meáchain de 0.16kW/kg nó níos lú.

Baineann an srian seo fad agus a shealbhaíonn tú ceadúnas sealadach don chatagóir seo agus leanann ar feadh an chéad dhá bhliain de cheadúnas iomlán catagóire A.

Tá sí mar fhreagracht ort cumhacht an ghluaisrothair a sheiceáil. Má bhíonn aon amhras ort téigh i gcomhairle leis an díoltóir/déantóir.

Ceadúnas tiomána sealadach

Eisítear ceadúnas sealadach chun cead a thabhairt do dhuine foghlaim conas tiomáint. Sula gcuireann tú iarratas isteach ar do chéad cheadúnas sealadach, **ní foláir** duit do thástáil teoirice tiomána a phasáil. Ar mhaithe le do shábháilteacht féin agus úsáideoirí bóithre eile, **ní foláir** duit freastal ar choinníollacha áirithe a ghabhann leis an gceadúnas agus tú ag tiomáint. Féach Cuid 2 le haghaidh sonraí breise.

Ní foláir duit ceadúnas sealadach reatha a bheith agat chun do thástáil tiomána a dhéanamh agus **ní foláir** don cheadúnas a bheith le haghaidh an catagóir fheithicle céanna agus an ceann a úsáidfidh tú i do thástáil. Féach Cuid 3 le haghaidh sonaí breise ar an tástáil tiomána.

Tá catagóirí ceadúnais uile faoi réir athbhreithniú. D'fhonn comhlíonadh a chinntiú le polasaithe sábháilteachta ar bhóithre na hÉireann agus AE, moltar duit an suíomh gréasáin *www.rsa.ie* a sheiceáil go rialta.

Ag cuir iarratas isteach ar chéad cheadúnas sealadach

Agus iarratas á chuir isteach agat ar chéad cheadúnas sealadach **ní foláir** duit dhá fhótagraf pas sínithe agus an táille a áireamh le d'fhoirm iarratais. D’fhéadfadh sé a bheith de dhíth ort freisin fianaise féiniúlachta a thabhairt, mura bhfuil ceadúnas tiomána agat cheana le haghaidh catagóir fheithicle eile nó ó thír eile. Imlíníonn an tábla seo a leanas na nithe eile a bheidh de dhíth ort agus iarratas á chuir isteach agat ar chéad cheadúnas. Tá na catagóirí feithicle mínithe sa tábla ar leathanaigh 11 go 13.

Tógfaidh ceadúnas an fhoghlaimeora áit an cheadúnais shealadach reatha. Ar mhaithe le sábháilteacht ar bhóithre, tabharfaidh ceadúnas an fhoghlaimeora riachtanais níos déine isteach le haghaidh feithiclí á úsáid ar an mbóthar ag tiománaithe foghlaimeora. Beidh sonraí iomlán infhaighte ar *www.rsa.ie*.

An chéad cheadúnais shealadach

	CATAGÓIR AN CHÉAD CHEADÚNAIS SHEALADACH	CÉARD ATÁ DE DHÍTH ORT	
	A1, A, B, M nó W	• Foirm iarratais • Fótagraf (2 fhótagraf sínithe ar mhéid pas) • Táille • Teastas Pasála um Thástáil Teoirice	• Fianaise Féiniúlachta • Tuairisc leighis, má bhaineann • Tuairisc radhairc
	C1, C, D1 nó D	• Foirm iarratais • Fótagraf (2 fhótagraf sínithe ar mhéid pas) • Táille • Teastas Pasála um Thástáil Teoirice	• Tuairisc leighis (iarratasóirí uile)* • Fianaise de cheadúnas iomlán le haghaidh feithicil chatagóire B
	EB	• Foirm iarratais • Fótagraf (2 fhótagraf sínithe ar mhéid pas) • Táille • Tástáil Teoirice, má bhaineann	• Tuairisc leighis, má bhaineann • Fianaise de cheadúnas iomlán le haghaidh feithicil chatagóire B
	EC1, EC, ED1 nó ED	• Foirm iarratais • Fótagraf (2 fhótagraf sínithe ar mhéid pas) • Táille • Tuairisc leighis (iarratasóirí uile)*	• Fianaise de cheadúnas iomlán le haghaidh an fheithicil tarraingthe cuí (mar shampla catagóir C más ag cur iarratas isteach ar cheadúnas catagóire EC)

* Beidh sé de dhíth ort dul faoi mheasúnú leighis ó am go chéile freisin nuair atá ceadúnas iomlán agat le haghaidh na catagóirí seo agus/nó nuair a dhéanann tú athnuachan.

Tuairiscí leighis agus radhairc

- Is féidir foirmeacha tuairisce leighis agus radhairc a fháil ó d'oifig mhótarchánach áitiúil nó ar shuíomh gréasáin an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre, *www.rsa.ie*.
- **Ní foláir** do dhochtúir nó radharceolaí cláraithe an fhoirm thuairisce radhairc a líonadh.
- **Ní foláir** duit í a shíniú ansin os a gcomhair.
- **Ní foláir** do dhochtúir cláraithe an fhoirm thuairisce leighis a chomhlíonadh.
- **Ní foláir** duit í a shíniú ansin os a gcomhair.

Nuair nach foláir duit tuairisc leighis a sholáthar

Ní gá d'iarratasóirí uile tuairisc leighis a sholáthar. Mar sin féin, **ní foláir** duit ceann a sholáthar má bhaineann aon cheann de na ráitis seo a leanas leat.

- Tá iarratas á chur isteach agat ar cheadúnas sealadach in aon cheann de na catagóirí C1, C, D1, D, EC1, EC, ED1 nó ED.
- Beidh tú 70 bliain d'aois nó níos mó ar an gcéad lá go bhfuil an ceadúnas sealadach á dheonú.
- Tá aon cheann de na riochtaí liostaithe in Aguisín 1 ar chúl an leabhráin agat.
- Tá drugaí nó cógais leighis á thógáil agat atá dóchúil chun cuir isteach ar do thiomáint.

Tabhair faoi deara:

1. Má tá riocht míochaine tromchúiseach ort, mar shampla buille an chroí mírialta nó thar a bheith tapa (aimhrithim) atá riamh tar éis a bheith mar chúis cailliúint comhfheasa, ansin cinntigh go dtugann tú cuairt ar dhochtúir sula gcuireann tú iarratas isteach ar cheadúnas.
2. Níl cead agat ceadúnas sealadach a shealbhú má bhraitheann tú ar nó má mhí-úsáideann tú substaintí síceatrópacha (meabhair athraithe) go rialta.

Labhair le do dhochtúir má tá aon amhras ort faoi do chuid folláine fhisiceach nó intinne chun tiomáint.

Is féidir sonraí iomlán na gcoinníollacha a ghabhann le ceadúnais shealadach a fháil ar shuíomh gréasáin an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre, *www.rsa.ie*.

Leantóirí

Gluaisteáin agus leantóirí

Má tá **ceadúnas iomlán catagóire B** agat, **ní féidir** leat leantóir a tharraingt ach má tá:

- ollmheáchan ceaptha feithicle an leantóra ag 750kg nó níos lú, nó
- meáchan neamhualaithe (folamh) d'fheithicil tarraingthe ar a laghad mar an gcéanna le hollmheáchan ceaptha feithicle an leantóra, agus nach bhfuil ollmheáchan ceaptha feithicle comhcheangailte an fheithicil agus an leantóir níos mó ná 3,500kg.

Nuair atá gluaisteán á úsáid chun leantóir níos troime a tharraingt, **ní foláir** duit ceadúnas catagóire EB a shealbhú.

Leantóirí agus feithiclí níos troime

Ní foláir duit Ceadúnas Catagóire EC, EC1, ED nó ED1 a shealbhú má theastaíonn uait leantóir níos troime a tharraingt. Is iad seo na ceadúnais a cheadaíonn comhcheangail na feithicle tarraingthe agus an leantóra a thiomáint (féach leathanach 12).



Feithiclí earraí troma agus busanna

Ní foláir duit géilleadh don dlí i leith tacagraif. Le haghaidh eolas iomlán féach *www.rsa.ie* le do thoil.

Má thiomáineann tú feithicil earraí troma nó bus d'íocaíocht ní foláir duit Deimhniú Inniúlachta Proifisiúnta (DIP) a shealbhú ó Meán Fómhair 2008 (Tiománaithe Bus) agus Meán Fómhair 2009 (Tiománaithe HGV).

CUIMHNIGH

Ní féidir leat feithicil inneall-ghluaiste a sholáthar d'aon duine atá faoi bhun 16 bliana d'aois. Ciallaíonn an focal 'soláthar' díol, fruiliú, iasacht, bronntanas nó soláthar in aon slí eile. Má dhéanann tú amhlaidh, is féidir fíneáil suas le €3,000 a ghearradh ort nó pianbhreith príosúin sé mhí.